Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht um Leithreasú 2016, lena n-áirítear an tsuim arbh fhéidir í a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaIthe le caiteachais don bhliain, agus

(b) soláthraithe do sheirbhísí soláthair chaipitil i 2016 as leithreasuithe neamhchaite ó 2015, faoi na socruithe do ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos ag alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €8.81 million a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil: feithiclí agus trealamh***

Cuirtear feithiclí urghafa a dílsíodh ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an dílsithe agus dímheastar iad ag ráta 20% sa bhliain de réir módh na líne dírigh.

Dímheastar cuitéar an Chustaim ag ráta 5% sa bhliain de réir módh na líne dírigh.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le hacmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a chur ar fáil. Bím ag brath freisin ar an litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le seirbhísí comhroinnte párolla a chur ar fáil ó thús na bliana go dtí gur aistríodh iad chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla ar 13 Meitheamh 2016. Cuireann na litreacha dearbhaithe ar fáil go bhfuil an creat cuí rialaithe i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid de na heilimintí seo a leanas

- tá freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach sannta ag leibhéal na bainistíochta
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

**Rialúcháin riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdháileadh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe bliantúla ar thurascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh tuartha
- go bhfuil córas bainistithe riosca i bhfeidhm san Oifig le rioscaí féideartha a shainaithint agus lena chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe iomchuí i bhfeidhm
- go n-áirítear ar na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú;
    - struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca, cosúil le Brexit
    - pleanáil gnó/straitéiseach chomhtháite agus córas Bainistithe Riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal Eagraíochtúil, Rannáin agus Brainse
    - modheolaíochtaí bainistithe tionscadal do na tionscadail shuntasacha go léir.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go hiomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Faoi mar a éilítear i gciorclán 40/2002 de chuid RCPA, tá tuarascáil curtha faoi bhráid agam faoi sholáthair i 2016 nach raibh bunaithe ar phróisis tairisceana iomaíche, ar luach iomlán de €18,134,442. Bhí mar chuid de sin

- €12,121,477 ( 38 chonradh) caite ar earraí agus ar sheirbhísí ó sholáthróirí úinéara chun tacaíocht, cothabháil agus ceadúnú TFC (agus córais eile) a chlúdach a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta dóibh
- €671,901 (10 chonradh) i bhfeidhm le soláthróirí aonair earraí agus seirbhísí
- €692,771 (8 chonradh) i bhfeidhm le soláthróirí a sholáthair sainscileanna agus saineolas riachtanacha
- €4,068,295 ( 15 chonradh). Síneadh na conarthaí seo ag feitheamh le socruithe athsholáthair a bheith ar fáil ag OSR
- €579,998 (1 chonradh) tugtha chun críche in aghaidh na dtreoirlínte náisiúnta soláthair. Baineann sin le conradh seanbhunaithe do sheirbhísí teileafónaí do Ranna Rialtais. Tá sé i gceist ag na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Tá córas bainistithe airgeadais tugtha isteach ag an Oifig a thaifeadann sonraí gach soláthair earraí agus sheirbhísí agus íocaíochtaí gaolmhara. Áirítear ar an mbunachar sonraí seo taifid a bhaineann le seirbhís fhadtéarmach, tacaíocht agus comhaontuithe cothabhála, maidir le bogearraí agus cumarsáid go príomha, sa chás nach bhfuil gnáth-thairiscintí praiticiúil ná indéanta. Níl na socruithe seo san áireamh i gCiorclán 40/2002 ach déantar iad a thaifeadadh ar leithligh.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha go léir atá ar fáil chomh luath agus a bhíonn siad ar fáil, agus caidreamh a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla again. Coimeádfar rialaithe ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfar an straitéis seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Chairt Iniúchta Inmheánaí scríofa foirmiúil. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m’iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas um rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Riarachán agus bailiúchán cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 400,600 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | | 402,600 | 397,003 | 401,440 |
| | **Ollchaiteachas** | | **402,600** | **397,003** | **401,440** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **69,487** | **74,696** | **82,512** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 331,113 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | | **333,113** | **322,307** | **318,928** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid de leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil nár caitheadh, nó iad ar fad, a thabhairt anonn le caitheamh sa chéad bhliain eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 10,805,980 | 10,553,281 |
| Géilleadh iarchurtha | (2,000,000) | (2,000,000) |
| Farasbarr le géilleadh | 8,805,980 | 8,553,281 |

**Anailís chaiteachas riaracháin**

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 294,629 | | 288,101 | 288,647 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 3,500 | | 3,956 | 3,740 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 17,846 | | 19,721 | 17,839 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 10,200 | | 10,057 | 9,977 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 52,550 | | 52,304 | 60,234 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 7,100 | | 7,507 | 6,351 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 45 | | 53 | 55 |
| viii | Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 3,460 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | 5,460 | | 4,376 | 2,951 |
| ix | Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí | | 10,770 | | 10,532 | 11,046 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | | 500 | | 396 | 600 |
| | | | 402,600 | | 397,003 | 401,440 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 288,101 | 288,647 |
| Neamhphá | | 108,902 | 112,793 |
| **Ollchaiteachas** | | **397,003** | **401,440** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **74,696** | **82,512** |
| **Glanchaiteachas** | | **322,307** | **318,928** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (8,776) | | |
| Dímheas | 15,345 | | |
| Fáltas airgid ar dhiúscairtí | 16 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 116 | | |
| | | 6,701 | 11,046 |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (15,028) | (9,727) |
| | | | |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 4,777 | | |
| (Méadú) ar stoc | (253) | | |
| | | 4,524 | (10,620) |
| **Caiteachas díreach** | | **318,504** | **309,627** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead) (nóta 1.1) | | 88,956 | 88,542 |
| Measchíosanna (neamhairgid) | | 9,969 | 9,843 |
| **Costas chláir ghlan** | | **417,429** | **408,012** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 9 a iompraíodh in áit eile agus méideanna a íoctar ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | 73,202 | 72,294 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 18,541 | 18,655 |
| Vóta 18 Oifig Náisíunta um Sheirbhísí Comhroinnte | | 154 | — |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | | 561 | 1,229 |
| | | 92,458 | 92,178 |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan muirear[a] | m | (3,502) | (3,636) |
| | | 88,956 | 88,542 |

[a] Comh maith le seirbhísí gan muirear (€3.5 milliún) do Vótaí eile léirithe anseo, cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €908,000 ar fáil gan muirear do chomhlachtaí neamh vótáil.

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 64,798 | 61,137 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 6,558 | 1,905 |
| | | **71,356** | **63,042** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 21,771 | 14,365 |
| Stoic | 2.5 | 1,567 | 1,314 |
| Réamhíocaíochtaí | | 13,278 | 17,418 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,884 | 2,594 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,763 | 2,545 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **40,263** | **38,236** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,193 | 3,350 |
| Ioncam iarchurtha | | 135 | 90 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 16,340 | 15,171 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 7,194 | 1,739 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **26,862** | **20,350** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **13,401** | **17,886** |
| **Glansócmhainní** | | **84,757** | **80,928** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **84,757** | **80,928** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 80,928 | 71,595 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 333,113 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (2,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (8,806) | | |
| Vóta glan | | | 322,307 | 318,928 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 88,956 | 88,542 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 9,969 | 9,843 |
| Nithe neamh airgid eile – feithiclí a urghabháladh | | | 26 | 32 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (417,429) | (408,012) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **84,757** | **80,928** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 14,335 | 416,950 | 57,973 | 489,258 |
| Breiseanna | 2,445 | 14,707 | 1,966 | 19,118 |
| Feithiclí gafa a leithreasaíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim | 26 | — | — | 26 |
| Aistrithe ó Vóta 10 | — | 5 | — | 5 |
| Diúscairtí | (455) | (5,175) | (116) | (5,746) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 16,351 | 426,487 | 59,823 | 502,661 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 11,290 | 364,551 | 52,280 | 428,121 |
| Dímheas don bhliain | 1,058 | 12,976 | 1,311 | 15,345 |
| Dímheas ar aistrithe | — | 5 | — | 5 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (451) | (5,064) | (93) | (5,608) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 11,897 | 372,468 | 53,498 | 437,863 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **4,454** | **54,019** | **6,325** | **64,798** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **3,045** | **52,399** | **5,693** | **61,137** |

**2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt**

| ag 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí in-tí |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2016 | 1,905 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 15,028 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | (10,375) |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 31 Nollaig 2016 | 6,558 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 21,768 | 14,363 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc tráchtála | 3 | 2 |
| | 21,771 | 14,365 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 934 | 593 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisnéise | 225 | 380 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 408 | 341 |
| | 1,567 | 1,314 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Airleacain ar fhoirgneamh comhroinnte | 183 | 155 |
| Airleacain do chríocha costas taistil agus cothabhála | 19 | 9 |
| Airleacain don OOP d'oibreacha tógála, srl. | 906 | 415 |
| Míreanna ilghnéitheacha ar fionraí | 352 | 871 |
| Vóta 10 Na Coimisinéirí Achomhairc | 271 | 178 |
| Párolla ar fionraí | — | 1,037 |
| Caiteachas in-aisghabála roimh ré | 32 | (120) |
| | 1,763 | 2,545 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 5,430 | 5,480 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2,315 | 1,971 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,734 | 2,110 |
| Cáin Bhreisluacha | 756 | 430 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 61 | 47 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,945 | 927 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | — | 460 |
| | 12,241 | 11,425 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 4,020 | 3,694 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 79 | 52 |
| | 16,340 | 15,171 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 8,806 | 8,553 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,000 | 2,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,612) | (8,814) |
| Glandliteanas don Státchiste | 7,194 | 1,739 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 21,771 | 14,365 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,763 | 2,545 |
| | 23,534 | 16,910 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,241) | (11,425) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (4,099) | (3,746) |
| | (16,340) | (15,171) |
| | | |
| | 7,194 | 1,739 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 3,899 | 4,696 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | 3,899 | 4,696 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir fo-cheannteidil

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Riarachán agus bailiúchán cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 294,629 | 288,101 | 288,647 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 105,971 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | | 107,971 | 108,902 | 112,793 |
| | | | 402,600 | 397,003 | 401,440 |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Sóisialach Pá-Choibhneasta | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2. | Fíneálacha, forghéilleanna nó costais dlí aisghafa | 3,600 | 3,269 | 3,586 |
| 3. | Uimhreacha caomhnaithe | 50 | 257 | 177 |
| 4. | Fáltais maidir le bailiúchán an Tobhaigh Chomhshaoil | 400 | 394 | 398 |
| 5. | Sciar an chostais bailithe SASP (Údarás Aonair ar mhaithe le Nósanna Imeachta Simplithe) | 15,000 | 19,892 | 23,151 |
| 6. | Míreanna ilghnéitheacha | 2,000 | 2,500 | 2,664 |
| 7. | Fáltais ó aisbhaintí a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse | 11,000 | 10,947 | 15,099 |
| | **Iomlán** | **69,487** | **74,696** | **82,512** |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fíneálacha, forghéillte, costais dlí aisghafa | 331 | Eascraíonn difríocht mar gheall ar cheisteanna ama. |
| Uimhreacha caomhnaithe | (207) | Athraíonn fáltais de réir éilimh. Tharla an méadú toisc líon níos airde díolachán carranna nua ar aon dul leis an téarnamh eacnamaíoch. Ardaíodh Meastachán 2017 faoi thrí go dtí €150,000. |
| Sciar de chostais bhailiúcháin SASP (Údarú Amháin do Nósanna Imeachta Simplithe) | (4,892) | Ghlac an meastachán leis go mbeadh an ráta laghdaithe 20% i bhfeidhm don bhliain féilire iomlán. Cuireadh an ráta iomlán i bhfeidhm ó Eanáir go dtí Meán Fómhair 2016 afách. Tharla sin toisc an moill i ngach ballstáit AE maidir leis an t-athrú ráta a dhaingniú. Ní ráibh an ráta laghdaithe I bhfeidhm ach ó Dheireadh Fómhair 2016. Dá mbeadh feidhm leis an ráta laghdaithe i leith 2016 ar fad, bheadh laghdú de €2.2 milliún san toradh, ag cur an difríocht ag 18%. |
| Ilghnéitheach | (500) | Eascraíonn an difríocht den chuid is mó ó: (i) soláthar deontas AE de €375,000 i ndáil le Scanóir x-ghathach na gCoimisinéirí Ioncaim, agus (ii) Ranníocaíochtaí Scéim Tacaíochta Stáit Choimhdeach an HSE do 2015 agus do 2016 araon a íoc i 2016 (€139,000). |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 460 | 410 |
| Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | 439 | 1,054 |
| Fáltais ó chion na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghó chumtha/frithchontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 768 | 726 |
| Aistrithe don Státchiste | (1,667) | (1,730) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | 460 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 6,054 | 5,860 |

Áirítear ar an líon foirne ag deireadh 2016 86 oifigigh cléireachais sealadacha (2015:80), 40 díobh a phléigh le riarachán na Cánach Mhaoine Áitiúil. Chlúdaigh an chuid eile buaic-thréimhsí gnó ar fud na heagraíochta.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 266,807 | 268,04 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 4,131 | 4,257 |
| Ragobair | 2,398 | 2,630 |
| ÁSPC an Fhostóra | 14,765 | 13,720 |
| **Pá iomlán** | **288,101** | **288,647** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 100 | 10 | 17,288 | 17,998 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,743 | 90 | 17,297 | 29,618 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 185 | 19 | 23,177 | 23,595 |
| Míreanna ilghnéitheacha | 173 | 4 | 13,280 | 27,505 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 240 | 79 | 23,548 | 29,828 |

**5.2 Dámhachtainí Feidhmíochta**

Caitheadh €96,809 san iomlán ar Scéimeanna Aitheantais Foirne. Bhí 1,705 dámhachtain ar leithligh, ó €12 go €350.

**5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Bhí costas gan aisghabháil de €365,687 maidir le foireann na gCoimisinéirí a bhí ar iasacht chuig ranna/gníomhaireachtaí eile (2015: €487,977).

Íocadh €24,427 in iomlán le seisear foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i 2016 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir mholadh 19995 na Cúirte Oibreachais.

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €28,249 in iomlán i 2016 le 22 státseirbhísigh scortha i ndáil le táillí Bord Agallaimh, idirghabhálacha traenála agus costais fhinnéithe. Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí €1,512,222 (1,068 cás) de ró-íocaíochtaí ann ag deireadh na bliana (2015 €1,128,777; 827 cás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le €565,605 (391 cás) den mhéid sin.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Nithe a Díscríobhadh**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as feidhm | 24 | 145 |

**6.2 Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí (fo-cheannteidil A (ix))**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí seachtracha | 4,583 | 5,230 |
| Táillí abhcóide | 2,532 | 2,387 |
| | | |
| Táillí agus costais eile: | | |
| Costais féimheachta/leachtaithe | 2,676 | 2,204 |
| Táillí cúirte | 8 | 484 |
| Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha | 733 | 741 |
| | 10,532 | 11,046 |

**6.3 Costais Dlí**

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon cásanna | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Costais dlí bronnta | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na hOifige** | | | | | | |
| Caingean dlí a ghlac comhaltaí foirne lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. | 8 | 4 | — | 64 | 68 | 89 |
| Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair. | 11 | — | — | 5 | 5 | 3 |
| **Éilimh ón bpobal** | 30 | 12 | 160 | 151 | 323 | 508 |
| | | 16 | 160 | 220 | 396 | 600 |

**6.4 Costais Idir-réitigh agus Eadrána**

Chaith na Coimisinéirí Ioncaim €1,678 i 2016 a bhain le headráin agus idir-réiteach (2015: €149,250).

Baineann seo le cás amháin a chuimsigh an dá bhliain. Áirítear CBL, táillí dlí, eastát réadach agus luachálaithe, agus seirbhísí gearrscríbhneoireachta (lena n-áirítear CBL) sna figiúrí.

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

Tá dliteanais theagmhasacha de €2.6 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2015: €2.2 milliún).

**6.6 Maoiniú AE**

Fuarthas deontas €375,000 ón Oifig Frith-Chalaoise Eorpach i dtreo scanóir x-ghathach soghluaiste a fháil.